DEICH mBLIANA DE STRAITÉIS NA hÁISE

1999 - 2009

BROLLACH ÓN TAOISEACH, AN tUAS. PARTHALÁN Ó hEACHTHAIRN, T.D.

Léiríonn an chéad chéim eile de Straitéis na hÁise go bhfuil tréimhse thábhachtach ann anois maidir leis an gceangal a fhorbairt idir Éirinn agus an Áis ó thaobh na polaitíochta, na heacnamaíochta agus an chultúir de. I ndiaidh dom turas a thabhairt ar an tSín sa bhliain 1998, dhein mé bunú Straitéis na hÁise a údarú. An aidhm a bhí leis an Straitéis sin ná a chinntiú go mbeadh fiontair de chuid Rialtas na hÉireann agus fiontair Éireannacha ag obair ar bhonn comhtháite d'fhonn na ceangail thábhachtacha idir Éirinn agus an Áis a fhormhaisiú. Leagann sé amach sraith de spriocanna agus cuspóirí dúshlánacha ionas go mbeidh deis ann na naisc atá ann ó thaobh polaitíochta, trádála agus infheistíochta de a mhéadú.

Tá rath nach mór ar an gcéad 5 bliana den Straitéis. Tá na spriocanna comhlíonta agus i mórán cásanna sáraíodh na spriocanna sin go mór. Bhí méaduithe an-mhóra ar fad ar an dá mhargadh tosaíochta, an tSín agus an tSeapáin, mar a sainaithníodh sa Straitéis iad, maidir leis an líon onnmhairí as Éirinn sa tréimhse sin. Is léiriú go pointe áirithe é rath an turais a thug mé ar an tSín go luath sa bhliain 2005, i dteannta meitheal mór trádála, ar an méid atá curtha i gcrích go dtí seo ag Straitéis na hÁise.

Tá an Rialtas tugtha go hiomlán chun thacaíocht a thabhairt don dara céim de Straitéis na hÁise. Measaim gur riachtanach an rud é an tsíorghluaiseacht a choimeád ann chun na naisc atá againn leis an Áis a neartú agus sinn ag bogadh i dtreo na chéad chéime eile. Molann an Straitéis Nua 2005-2009, spriocanna agus cuspóirí níos uaillmhianaí fós, ag tógaint ar an méid a baineadh amach sa chéad 5 bliana. Díríonn sé ní amháin ar na margaí tosaíochta ach ar na margaí atá ag teacht chun tosaigh sa réigiún sin. Agus níos tábhachtaí fós, deineann sé iarracht leibhéal onnmhairí de chuid na hÉireann a mhéadú go €9 mbilliún thar an tréimhse sin.

Tiomáinfidh buíon maoirsithe d'ardleibhéal Straitéis nua na hÁise. Cinnteoidh an bhuíon sin go bhfreagraíonn an Straitéis do dhinimicí mhargadh na hÁise. Cuirfidh an Bhuíon sin tuairisc go dtí an Rialtas ar bhonn bliantúil.

Tá gach cuma ar an scéal go mbeidh tréimhse dhúshlánach agus spreagúil i ndán dúinn sna 5 bliana atá romhainn. Tá muinín go leor agam go bhfeicfear dul chun cinn an-suntasach ar fad agus Éire ag cruthú tionchar seasmhach di féin san Áis.

Molaim an chéad chéim eile seo de Straitéis na hÁise agus táim ag tnúth lena dul chun cinn a thabhairt faoi ndeara sna blianta atá le teacht.

BROLLACH ÓN MÍCHÉAL Ó MÁIRTIN, T.D., AN tAIRE FIONTAIR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA

Sa bhfoilsiúchán Deich mbliana de Straitéis na hÁise -1999 go dtí 2009 tugaimid faoi ndeara, le húdar sásaimh, an méid atá curtha i gcrích le 5 bliana anuas agus tugaimid faoi chuspóirí nua a d'fhéadfaí a bhaint amach sa chéad 5 bliana eile.

Dhírigh an Taoiseach a bhéim pholaitiúil ar an Áis thart ar 5 bliana ó shin. Tá an díograis agus an gealltanas sin le brath, leis, ar gach ball den Rialtas maidir le níos mó teangmhála bheith idir phobal na hÉireann agus phobail na dtíortha Áiseacha. Bheadh leas ann don dá thaobh dá bhrí sin.

Níl cumarsáid ná cur amach rialta againn ar phobail na hÁise ach le fíordhéanaí. É sin ráite, tá naisc cruthaithe thar réimse an-leathan ar fad le roinnt blianta anuas. Beidh na ceangail atá ann i láthair na huaire ó thaobh polaitíochta, gnó, oideachais, na meán cumarsáise, cultúir, sóisialta agus rl. níos doimhne agus níos fairsinge amach anseo.

Chomh maith leis sin, tá fáilte roimh líon níos mó scoláirí, oibrithe agus turasóirí de chuid na hÁise go hÉirinn agus forbairt cuíosach nua is ea é sin chomh maith. Tá a leithéid ag cur próiseas na comhthuisceana chun cinn, an fhaid is a bhronnann sé sochair na heacnamaíochta agus é ag freagairt do riachtanais fhoirne ag an am céanna. Aithnímid tábhacht a leithéid de chúnamh agus déanfaimid é sin a fhorbairt ar shlí a mbeidh meas is luach orthusan a bhainfidh Éire amach.

Tagraítear go minic don 21ú haois seo mar aois na hÁise. Beidh i bhfad níos mó ná deich mbliana ann sula mbeidh a cúrsa rite aici. Is mian le pobal agus Rialtas na hÉireann na deiseanna a thabharfaidh an ceann eile maidir le dul chun cinn náisiúnta agus domhanda i ngach réimse gníomhaíochta a bheith bainte amach.

Is í forbairt na trádála an bhunsprioc a bhaineann le Straitéis na hÁise. Tá méadú suntasach ar an ngnó a deineadh le tíortha as an Áis i rith na chéad tréimhse. Taispeánann staitisticí trádála na bliana seo caite, nuair a chuirtear i gcomparáid iad dóibh siúd do 2003, treochtaí misniúla. Tháinig méadú 19% ar an méid a onnmhairíodh go dtí an tSin, méadú 17% i gcás Singeapóir, 15% i gcás na Cóiré, 14% i gcás na Téalainne, 12% i gcás na Seapáine, 11% i gcás na hIndia - agus mar sin de.

Léiríonn an fás sin dianobair lucht gnó na hÉireann, dream atá muiníneach agus tionscantach. Léiríonn sé dúthracht agus gealltanas ionadaithe de chuid an Stáit a bhíonn ag obair i gcomhar le daoine eile i dtíortha san Áis mar chuid d'iarracht náisiúnta chun cúrsaí trádála agus gnó a fhorbairt céim amháin eile. Tá tacaíocht faighte ag an iarracht sin ón Uachtarán agus ó Rialtas na hÉireann mar chuid d'iarrachtaí tréana sochar a dhéanamh go forásach as na deiseanna forbartha trádála atá ann i láthair na huaire, agus atá ar na bioráin do na blianta atá le teacht.

D'fhéadfadh tuiscintí ó thaobh scála agus achair sinn a thraochadh. Nílimid amhlaidh, áfach. Tá ag éirí linn cheana féin agus tá na staitisticí méadaithe trádála againn ag pleanáil maidir leis an rath sin. Tá fhios agam go gcuirfidh foilsiú Deich mbliana de Straitéis na hÁise agus na cuspóirí, spriocanna agus an fearas athbhreithnithe a chuimsítear léi, breis fuinnimh agus leanúnachais fós leis an iarracht straitéiseach.

Beidh an Áis mar bhorradh eacnamaíoch an domhain sa chéad seo. Soláthraíonn cathracha na hÁise, agus mórán acu le daonra i bhfad níos mó ná an daonra againn féin, dosaen margaí lán leis na milliúin. Mar thoradh ar na déimeagrafaicí sin ní bheidh aon teorainn leis na deiseanna margaíochta agus forbartha trádála ann d'fhonn fás eacnamaíoch, atá á thiomáint ag onnmhairí, a chothú agus a fhormhaisiú.

Déanfaimid athnuachan ar an tiomantas agus ar na hiarrachtaí againn anois. Beimid ag leanúint orainn leis an gcomhoibriú chun na cuspóirí trádála agus iadsan atá ceangailte leosan a bhaint amach. Nuair a bheidh an straitéis don chéad 10 mbliana á scríobh sa bhliain 2009, beidh na spriocanna atá leagtha amach againn anois bainte amach againn agus sáraithe, tá súil agam. Níl aon amhras orm ná go mbeidh.

CONTENTS

Réamhrá 1

Straitéis na hÁise – 1999 go dtí 2004 2

Straitéis na hÁise -2005 go dtí 2009 3

Príomhchuspóir 3

Gníomhartha Straitéiseacha 3

- Tacaíocht Pholaitiúil do Straitéis na hÁise 4
- Cuairteanna a Thabhairt ar a Chéile 4
- An Cruinniú Áise-Eorpa (ASEM) 5
- Ionadaíocht Stáit i dTíortha Tosaíochta na hÁise 5
- Cuairteanna ar Éirinn 5

Naisc Eile le Tíortha Tosaíochta na hÁise 6

- Éire le bheith páirteach i mBanc Forbartha na hÁise (ADB) 6
- Bunú Institiúid um Ghnóthaí na hÁise 6
- Comhfheasacht 6

Naisc Áitiúla le Tíortha Tosaíochta na hÁise 7

- Intéarnachtaí 7
- Meamraim Thuisceana 7
- Tionscnaimh Nasctha 7

Éire a nascadh leis an Áise trí Oideachas, Taighde agus Malartú Gairme 8

- Margaíocht a dhéanamh ar Sheirbhísí Oideachais i dTíortha Tosaíochta na hÁise 8
- An Mhalaeisia 8
- An tSín 8
- An India 9
- An Chóiré 9
- An tSeapáin 9

Idirnáisiúnú Seirbhísí Oideachais na hÉireann 10

- Socrúcháin do Chéimithe 11
- Comhoibriú sa réimse Taighde agus Forbartha 11

An Trádáil Turasóireachta a fhorbairt le Tíortha na hÁise 12

- An tSeapáin 12
- An tSín 12
- An India 12
- An Chóiré Theas 13
- Ealaín agus an Áise 13

Trádáil Talmhaíochta agus Tíortha Tosaíochta na hÁise 13

- Onnmhairí Bia agus Dí 14
- An tSín 14
- An tSeapáin 15
- Margaí Eile san Áise atá ag Forbairt 15

Bia Mara na hÉireann a Onnmhairiú go dtí an Áise 15

- Bord Iascaigh Mhara chun a Mhargaíocht san Áise a threisiú 15

Fiontar, Trádáil agus Infheistíocht 16

- An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta 16
- Fiontraíocht Éireann 16

Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI) a mhealladh ó Thíortha Tosaíochta na hÁise 18

Infheistíocht Dhíreach Amach (ODI) go dtí Tíortha Tosaíochta na hÁise 19

Acmhainní a chur ar fáil do Straitéis na hÁise 2005 go dtí 2009 20

Príomhtháscaire Gnóthachtála 21

Sprioc Trádála 21

Forléargas ar Straitéis na hÁise 21

DEICH mBLIANA DE STRAITÉIS NA hÁISE 1999 - 2009

RÉAMHRÁ

I 1998, d'aithin an Taoiseach go raibh gá le cur chuige straitéiseach agus comhaontaithe maidir le trádáil a fhorbairt leis an Áise. An chúis a bhí leis sin ná go mbeidh tionchar na Síne agus thíortha eile na hÁise ar fhorbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha ar fud an domhain ag dul i méid go leanúnach sa todhchaí.

De réir sin, shocraigh an Rialtas comhthéacs foirmiúil a bhunú ina bhféadfadh na hearnálacha poiblí agus príobháideacha chomhoibriú le chéile chun na buntáistí eacnamaíocha agus eile a bhainfeadh le naisc polaitiúla agus eacnamaíocha leis an Áise a bhaint amach. Ag dul leis an sprioc sin, cuireadh Straitéis na hÁise 1999 go dtí 2004 chun cinn.

Baineadh úsáid as acmhainní suntasacha chun na críocha sin agus baineadh sochar amach cheana féin. Tá an poitéinseal ann, áfach, cur leis an méid atá bainte amach go dtí seo. De réir sin, agus eispéiris na gcúig bliana deireanacha de Straitéis na hÁise á gcur san áireamh againn, tá an chéad chéim eile á cur i bhfeidhm anois. Bainfidh sé leis an tréimhse ó 2005 go dtí 2009.

STRAITÉIS NA hÁISE 1999 go dtí 2004

Is féidir na príomhfhorbairtí le linn na tréimhse sin a achoimriú mar seo a leanas:

- D'ardaigh cuairteanna a thug Uachtarán na hÉireann, an Taoiseach, an Tánaiste agus Airí Rialtais eile ar thíortha na hÁise, chomh maith le cuairteanna polaitiúla comhfhreagracha ar ardleibhéal, feasacht pholaitiúil ar an dá thaobh.
- Chuir siad bonn ar fáil d'fhorbairt bhreise gaolmhaireachtaí idir ceannairí polaitiúla agus chruthaigh siad timpeallacht inar bunaíodh agus inar daingníodh naisc eacnamaíochta, shóisialta, agus chultúrtha.

Rinneadh iarrachtaí forleathana le baill den lucht déanta cinntí eacnamaíoch agus polaitiúil chun feasacht ar Éirinn san Áise a mhéadú. Chuige sin, cuireadh níos mó ná €2 milliún ar fáil. Áiríodh ar na tionscnaimh:

- Forbairt agus foilsiú ábhair faisnéise.
- Tacaíocht do chuairteanna ar Éirinn ó phríomhphearsanra meáin cumarsáide agus daoine eile a bhfuil ról acu i dtuairimí eolasacha daoine a chruthú agus faisnéis a scaipeadh san Áise.
- Foráil maoinithe d'fhorbairt socruithe fadtéarmacha institiúdacha idir eagraíochtaí gnó ionadaíocha na hÉireann agus a n-eagraíochtaí comhfhreagracha i dtíortha na hÁise.

Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas ó dhearcadh fhorbairt na trádála déthaobhaí:

- Le linn Straitéis na hÁise 1999-2004, tháinig meadú ó €3.6 billiún go dtí níos mó na €6 billiún ar onnmhairí earraí trádála.
- Shroich allmhairí in 2003 €8.8 billiún – rud a chiallaíonn go raibh easnamh trádála €2.8 billiún sa bhliain sin. Leagann sé sin béim ar an ngá atá le forbairt agus éagsúlú breise a dhéanamh ar thrádáil tráchtála agus seirbhísí na hÉireann leis an réigiún sin.
- Meastar go raibh luach €321 milliún ar na honnmhairí iomlána ó chuideachtaí dúchasacha Éireannacha go tíortha na hÁise in 2003, méadú thart ar 15% ar leibhéal 1997, ach - ag níos lú ná 4% -céatadán beag go coibhneasta de na honnmhairí go léir go dtí an réigiún sin.
- Tháinig méadú suntasach ar onnmhairí go dtí an tSín – tháinig méanfhás de thart ar 20% in aghaidh na bliana ar onnmhairiú idir 1997 agus 2003.
- Faoi 2003, bhí thart ar 93 cuideachta Éireannach bunaithe san Áise. Sin dhá uair líon na gcuideachtaí Éireannacha a bhí ann i 1999.

Chun go n-éireoidh le bunú gnóthaí i margaí na hÁise, bíonn gá le pleanáil cheart agus tiomantas acmhainní. Is féidir leo sin a bheith mar dhúshláin shuntasacha le sárú ag cuideachtaí níos lú. Mar sin féin, níl na dúshláin sin dosháraithe agus tacaíocht Stáit agus tacaíocht eile ar fáil.

STRAITÉIS NA hÁISE 2005 go dtí 2009

Is é an aidhm atá leis an gcéad chúig bliana eile de Straitéis na hÁise cur leis an méid atá bainte amach go dtí seo. Chun críche trádáil dhéthaobhach a fhorbairt níos mó beidh gá, ní hamháin le gaolmhaireachtaí eacnamaíochta agus trádála a chur chun cinn, ach le gaolmhaireachtaí a chur chun cinn trasna speictream a chuimsíonn gnéithe polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha.

Toradh a bhain leis an gcéad chéim de Straitéis na hÁise ná an tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí margaíochta onnmhairiúcháin na hÉireann a spriocdhíriú. Agus deiseanna á meas in ilchríoch chomh mór le daonra chomh mór, cinnteoidh sé sin go mbeidh acmhainní dírithe ar an tslí is éifeachtúla agus go mbainfear tairbhe chomhchuimseach amach dá bharr.

PRÍOMHCHUSPÓIR

Is é cuspóir an Rialtais sa chúig bliana amach romhainn, leibhéil na hidirghníomhaíochta polaitiúla, gnó agus eile le tíortha tosaíochta na hÁise a mhéadú chun go mbainfidh Éire tairbhe i bhfad níos mó as an trádáil agus as sochar eile a bhainfeadh le trádáil rathúil leis an réigiún sin. Sa chomhthéacs sin, déanfar iarracht níos mó a chinntiú go mbaineann cuideachtaí dúchasacha Éireannacha leas as deiseanna gnó sna tíortha tosaíochta agus, chuige sin, déanfar iarracht tacaí Stáit agus tacaí riachtanacha eile a chur ar fáil.

GNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA

Ag baint úsáide as an taithí a fuaireamar sa tréimhse idir 1999 agus 2004, agus i bhfianaise an ghá le tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí i gceantar geografach mór le dlúis daonra atá an-éagsúil ó cheantar go ceantar, beidh príomhfhócas Straitéis na hÁise go dtí 2009 ar líon teoranta tíortha.

TÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE	
An tSín	An Mhalaeisia
An tSeapáin	An Indinéis
An Chóiré	Vítneam
Singeapór	
An India	

Aithníodh na tíortha sin trí leas a bhaint as measúnachtaí ar theilgin ghinearálta forbartha eacnamaíche agus trádála sna tíortha ar an liosta agus ar an bpoitéinseal le tuilleamh gnóthaí Éireannacha thar lear a mhéadú.

Mar aitheantas ar an bhféidearthacht go dtarlódh athruithe in imthosca eacnamaíoch tíortha indibhidiúla sa réigiún thar thréimhse ama, coimeádtar faoi athbhreithniú iad agus déanfar oiriúnuithe de réir mar is gá. Maidir leis sin, tá ár ngníomhaireachtaí forbartha trádála ag iarraidh forbairt bhreise a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí gnó agus trádála le geilleagair atá ag teacht chun cinn sa réigiún. Áirítear orthu sin an Téalainn agus na hOileáin Fhilipíneacha.

Leanfaidh an Rialtas agus na gníomhaireachtaí Stáit ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar dheiseanna forbartha trádála i dtíortha eile na hÁise. An aidhm atá leis sin ná a chinntiú go ndéanfar breisfhorbairt ar ghaolmhaireachtaí trádála déthaobhacha leis na tíortha sin i rith na tréimhse go dtí 2009 agus go mbainfear an leas is fearr is féidir as an bpoitéinseal le haghaidh ioncam a thuilleamh thar lear.

TACAÍOCHT PHOLAITIÚIL DO STRAITÉIS NA hÁISE

Cuairteanna a Thabhairt ar a Chéile

Bhain tábhacht le malartuithe polaitiúla ar ardleibhéal agus misin trádála go tíortha tosaíochta na hÁise a bhí faoi stiúir Uachtarán na hÉireann, an Taoisigh, an Tánaiste agus Airí Rialtais eile ó thaobh phróifíl na hÉireann a ardú, go háirithe sa tSín. D'éascaigh siad forbairt gaolmhaireachtaí polaitiúla agus gnó láidre.

Bhí an chuairt is déanaí a thug an Taoiseach ar an tSín ar chéim eile sa phróiseas seo de ghaolmhaireachtaí polaitiúla agus eacnamaíocha a threisiú agus a dhoimhniú.

Bhí an Taoiseach i gceannas ar an misean seo a bhí mar an misean trádála is mó a d'fhág Éire riamh agus ina theannta bhí na hÁirí Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha; Oideachais agus Eolaíochta; agus Talmhaíochta agus Bia.

Bhí níos mó na dhá chéad duine gnó a bhí ina n-ionadaithe ar réimse d'earnálacha eacnamaíocha na hÉireann rannpháirteach sa mhisean trádála. Tugadh margaí gnó ar bhain luach thart ar €126 milliún leo chun críche le linn an turais. Ní chuireann an uimhir sin na hidirbheartaíochtaí gnó a tosaíodh nó a cuireadh chun cinn san áireamh. Ceaptar go mbainfidís buntáistí trádála suntasacha agus tuilleamh onnmhairiúcháin suntasach amach sa tréimhse amach romhainn.

Lena chois sin, ghlac ionadaithe ó réimse de ghníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí earnála príobháidí páirt sa mhisean trádála.

Le linn na cuairte, síníodh comhaontuithe chun comhoibriú a threisiú in earnálacha comhspéise – talmhaíocht, oideachas, bogearraí agus taighde eolaíochta.

Le linn a gcuid díospóireachtaí, d'aontaigh an Taoiseach agus Príomhaire na Síne leanúint orthu ag spreagadh agus ag éascú cuairteanna polaitiúla ardleibhéil. D'aontaigh siad freisin malartuithe a fhorbairt agus a chur chun cinn i réimsí comhspéise agus comhshocair eile. Shocraigh siad meicníocht chomhordúcháin a bhunú chun na spriocanna sin a chur chun cinn.

An sprioc a leag siad síos ná luach na trádála idir an dá thír a mhéadú faoi dhó faoi 2010.

Beidh a leithéid de chuairteanna mar ghné lárnach den chéim seo de Straitéis na hÁise mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le forbairt agus daingniú stádais agus minicíochta cuairteanna polaitiúla ardleibhéil ar thíortha tosaíochta na hÁise agus geilleagair atá ag teacht chun cinn san Áis.

Déanfaidh Ranna Rialtais iad a phleanáil ar bhonn bliantúil. Beidh siad comhordaithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Ranna eile. Díreoidh na cuairteanna polaitiúla ardleibhéil ar na hearnálacha eacnamaíocha ar leith a mbaineann féidearthachtaí forbartha trádála leo sna háiteanna a bhfuiltear ag tabhairt cuairte orthu.

Déanfar measúnú ar thionchar forbartha trádála gach cuairte thar thréimhse ama i ndiaidh na gcuairteanna i gcomhar le hionadaithe de ghnóthaí rannpháirteacha.

An Cruinniú Áise-Eorpa (ASEM)

Bunaíodh an próiseas ASEM i 1996 chun cumarsáid idir-réigiúnach a chruthú idir tíortha na hÁise agus an Eoraip. Díríonn sé ar shaincheisteanna polaitiúla, eacnamaíocha, trádála agus daoine go daoine. Bhí an Taoiseach mar ionadaí Éireann ag an gcruinniú mullaigh ASEM 5 in Hanoi i mí Dheireadh Fómhair 2004. Chomhaontaigh an Cruinniú Mullaigh sin ar mhéadú ASEM go 39 ball.

Leanfaidh a chruinnithe débhliantóga ag leibhéal na gCeann Stáit agus an Rialtais agus a chruinnithe bliantúla d'Airí Eachtracha, Eacnamaíocha agus Airgeadais ar aghaidh ag cur ardáin ar fáil do dheiseanna fiúntacha déthaobhacha agus teagmhálacha lenár gcomhpháirtithe san Áise.

Ionadaíocht Stáit i dTíortha Tosaíochta na hÁise

Le linn na chéad chéime de Straitéis na hÁise ó 1999 go 2004, méadaíodh ar ionadaíocht oifigiúil na hÉireann ar an ilchríoch sin agus treisíodh é. Bíonn ionadaíocht réigiúnach agus áitiúil tábhachtach ó thaobh trádáil onnmhairiúcháin a fhorbairt, mar shampla i dtír chomh mór leis an tSín.

De réir sin, shocraigh an Rialtas misean taidhleoireachta a bhunú i Vítneam. Beidh sé bunaithe in Hanoi agus osclóidh sé sa dara leath de 2005. Beidh freagrachtaí ar leith aige maidir leis an gCambóid agus Laos freisin.
I dteannta tascanna eile a sheachadadh, cuirfidh an misean leasanna trádála agus infheistíochta na hÉireann chun cinn sa réigiún.

Leanfaidh an Rialtas air ag déanamh athbhreithnithe ar leibhéil agus suímh na hionadaíochta Stáit i dtíortha na hÁise. Déanfar oiriúnuithe nuair is gá chun na spriocanna a leagtar amach sa cháipéis seo a bhaint amach.

Cuairteanna ar Éirinn

Thainig méadú suntasach ar líon na gcuairteanna a thug toscaireachtaí polaitiúla agus trádála ar Éirinn le cúig bliana anuas. Leanfaidh Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus gnóthais earnála príobháidí ar aghaidh

ag cabhrú le toscaireachtaí a thagann ar cuairt ar mhaithe le naisc a threisiú agus féidearthachtaí forbartha trádála déthaobhaí a chur chun cinn.

NAISC EILE LE TÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE

Éire le bheith páirteach i mBanc Forbartha na hÁise (ADB)

D'aontaigh an Rialtas a bheith páirteach i mBanc Forbartha na hÁise faoi réir coinníollacha sásúla inghlacthachta a chomhlíonadh. Baineadh é sin amach agus aontaíodh ar thearmaí agus coinníollacha ballraíochta an bhliain seo caite.

Áirítear ar na cúiseanna atá an Rialtas ag iarraidh a bheith ina bhall den ADB na buntáistí a bhainfidh leis an mballraíocht sin ó thaobh chlár forbartha déthaobhaí na hÉireann a chur chun cinn sa réigiún chomh maith leis na buntáistí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bhaint leis.

Sa dara cás, tabharfaidh an bhallraíocht sin deiseanna do chuideachtaí agus comhairligh na hÉireann tairiscintí a dhéanamh ar thionscadail maoinithe ag an ADB. Bronnadh conarthaí suntasacha ar Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh go dtí seo mar thoradh ar thairiscintí den saghas sin.

Toisc go mbeidh an tír seo mar bhall de amach anseo, fuarthas fiosrúcháin cheana féin ó aonáin Éireannacha a bhfuil spéis acu oibriú sa réigiún sin. Bainfidh buntáistí eile le rochtain dár lucht gnó ó thaobh a bhfeasacht ar thíortha na hÁise a ardú, tuiscint eolasach ar chultúr gnó agus cleachtais ghnó a chur ar fáil agus gaolmhaireachtaí nua gnó agus gairme a fhorbairt trasna réimse leathan d'earnálacha eacnamaíocha.

Bunú Institiúid um Ghnóthaí na hÁise

Tá sé tábhachtach tuiscint níos fearr ar an Áise agus na daoine a bhfuil cónaí orthu ann a chur chun cinn chun gaolmhaireachtaí maithe eacnamaíocha agus trádála a fhorbairt. I gcomhar le Ranna eile, cuirfidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta moltaí chun cinn a bheidh measta ag an Rialtas ar bhunú, ról, feidhmeanna agus maoiniú Institiúid um Ghnóthaí na hÁise.

Comhfheasacht

Leanfar ar aghaidh ag tacú le clár de chuairteanna meán a dearadh chun feasacht a ardú in Éirinn agus san Áise araon. Cuirfidh a leithéid de chuairteanna Éireannaigh ar an eolas maidir le saolta, maireachtáil agus cultúir ghnó i dtíortha na hÁise, agus cuirfidh sé na daoine ansin ar an eolas maidir le saincheisteanna cosúil leo in Éirinn. D'éirigh go maith le feachtais leis an sprioc sin go dtí seo ó thaobh tuiscint níos fearr ar an tír seo agus ar ghnéithe difriúla dá saol náisiúnta a chothú.

NAISC ÁITIÚLA LE TÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE

Intéarnachtaí

Cabhraíonn Clár Intearnachtaí Shanghai le malartú oifigeach. D'éirigh go maith leis ó thaobh teagmhálacha tábhachtacha a fhorbairt laistigh den Riarachán atá freagrach as an gcathair sin. Ardaíodh feasacht ar an tír seo i gciorcail pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha freisin. Anois tá seans ann go leathnófaí scóip an chláir agus tá malartuithe á bhforbairt le Hong Cong.

Gheobhaidh an Clár Intéarnachtaí tacaíocht fós faoi threoir na Roinne Gnóthaí Eachtracha.

Cuirfear tacaíocht ar fáil do scoláireachtaí agus intéarnachtaí do phearsanra Rialtais agus tráchtála na hÁise chun ligean dóibh dul i dtaithí ar chúrsaí riaracháin, gnó agus oideachais in Éirinn.

Meamraim Thuisceana

Le linn na tréimhse 1999 go 2004, shínigh ionadaithe an Stáit, ionadaithe gnó agus ionadaithe eagraíochtaí eile ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla roinnt Meamraim Thuisceana agus roinnt conarthaí cosúil leo. Is é an aidhm atá leo nádúr na gcomhiarrachtaí comhoibriúcháin a chomhlíonfaidh an dá pháirtí a dhéanamh foirmiúil agus a shonrú, bíodh nádúr forbartha trádála acu ná nach mbíodh. Is chun leasa an náisiúin é go gcomhlíontar agus go gcuirtear i bhfeidhm go cuimsitheach forálacha na ngnóthas sin uile.

Beidh an Grúpa Ard-Leibhéal, a dhéantar cur síos air thíos, curtha ar an eolas go tréimhsiúil maidir leis na heispéiris a bhain leis a leithéid de Mheamraim agus conarthaí a chur i bhfeidhm agus maidir le haon mholadh le cinn nua a chomhaontú le comhfhreagraithe san Áise.

Tionscnaimh Nasctha

Is féidir cur le forbairt gaolmhaireachtaí pearsanta agus gnó trí chathracha, bailte agus réigiúin Éireannacha agus Aiseacha a nascadh. Tá a leithéid de shocruithe nasctha i roinnt tíortha san Áise cheana féin. Taitníonn an coincheap sin le daoine ann.

Is féidir leo cabhrú le naisc idir thíortha a threisiú. Is féidir leo freisin forbairt gaolmhaireachtaí atá bunaithe ar chomh-mheas agus comh-mhuinín a éascú. Dá réir sin, tacófar le socruithe nasctha arís sa chéim seo de Straitéis na hÁise.

ÉIRE A NASCADH LEIS AN ÁISE TRÍ OIDEACHAS, TAIGHDE AGUS MALARTÚ GAIRME

Margaíocht a dhéanamh ar Sheirbhísí Oideachais i dTíortha Tosaíochta na hÁise

Tá an tOideachas Idirnáisiúnta ar cheann de réimsí na hearnála Seirbhísí Idirnáisiúnta a bhfuil an borradh is tapúla ag teacht air ar fud an domhain. Measadh le deireanas go méadófar ar líon domhanda na mac léinn a dhéanann staidéar thar lear ó 2.1 milliún in 2003 go dtí níos mó ná 5.8 milliún faoi 2020.

Baineann tábhacht nach beag leis sin d'Éirinn toisc go bhfuil formhór na mac léinn sin ag freastal ar chúrsaí sna teicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise, i mbainistíocht óstachta, i staidéar gnó agus sna heolaíochtaí. Tá acmhainn inár gcóras oideachais chun freastal ar éilimh sna disciplíní sin.

Toisc go meastar go dtiocfaidh formhór na mac léinn sin ó thíortha tosaíochta na hÁise atá luaite, d'fhéadfadh sé cur le hoideachas agus a bheith mar fhoinse de shochar ábhartha ag an am céanna.

D'oibrigh Fiontraíocht Éireann go dlúth le Bord Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann agus bhí sé an-ghníomhach ó thaobh shochar agus bhuntáistí ár gcórais oideachais a chur chun cinn. Is tíortha tábhachtacha a thiocfaidh mic léinn astu iad an Mhalaeisia, an tSín, an India, an Chóiré agus an tSeapáin.

An Mhalaeisia

Tá traidisiún fadbhunaithe de naisc oideachais idir Éirinn agus an Mhalaeisia. Faoi láthair, thart ar 1,300 daoine ón Malaeisia ag déanamh staidéar tríú leibhéal anseo. De réir réamhaisnéisí sroichfidh an líon sin 2,500 faoi 2009. Tá spéis ar leith ag mic léinn den saghas sin i gcúrsaí sna teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, san innealltóireacht, staidéar gnó agus leigheas.

An tSín

Is é an tSín príomhfhócas ár gcoláistí tríú leibhéal fós. Go dtí seo i mbliana, ghlac aon choláiste is fiche páirt in Aonaigh Oideachais sa tír sin. D'eagraigh Fiontraíocht Éireann iad agus tá siad ar ghné dá ghníomhaíochtaí cur chun cinn oideachais le cúig bliana anuas.

Faoi láthair, tá níos mó ná 2,900 mac léinn Síneach ag déanamh cúrsaí céime i gcoláistí in Éirinn. Meastar go mbeidh níos mó ná 5,000 acu ann faoi 2009. In 2005, ginfear ioncam measta de €60 milliún i dtáillí díreacha agus i gcaiteachas lasmuigh den champas.

Tá níos mó ná cúig aontú comhoibriúcháin is tríocha tugtha chun críche idir coláistí tríú leibhéal na hÉireann agus na Síne cheana féin. Beidh a leithéid de chomhoibriú ar fhachtóir tábhachtach le líonta níos mó mac léinn ar ardchaighdeán a mhealladh le lonnú anseo sa todhchaí.

Tá Institiúid Léinn na Síne á bunú faoi láthair chun feabhas a chur ar thuiscint ar chultúr agus teanga na Síne in Éirinn. Ceaptar go mbeidh sé i mbun feidhmiúcháin sa bhliain acadúil 2005/2006.

An India

Tá poitéinseal maith ag an India cabhrú le cur chun cinn bheartas an Rialtais maidir le feabhas a chur ar ár seirbhísí oideachais. Tá Coláistí na hÉireann ag déanamh margaíochta gníomhaí ann ó 2000. Eagraíonn Fiontraíocht Éireann cuairteanna poiblíochta bliantúla go Deilí, Bangalore, Mumbai agus anois Chennai chun cabhrú leo.

I dteannta sin, chun cur chun cinn seirbhísí oideachais na hÉireann a éascú, tá bainisteoir ceantair oideachais bunaithe ag Ambasáid na hÉireann in Delhi le trí bliana anuas. Tá ról tábhachtach ag an mbainisteoir ó thaobh comhairle a chur ar ionadaithe margaíochta ár gcoláistí tríú leibhéal agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun go mbainfidh siad spriocanna a bpleananna leathnúcháin amach agus ó thaobh cuairteanna ó mheáin chumarsáide India agus ó ionadaithe na hearnála oideachais a spreagadh.

Tháinig méadú suntasach ar líon na mac léinn Indiach a d'fhreastail ar Choláistí Éireannacha le cúig bliana anuas. In 2004, tugadh visa do 621 mac léinn le staidéar a dhéanamh in Éirinn. Is é an sprioc atá ann an líon sin a mhéadú go 4000 faoi 2009.

Is foinse de mhic léinn iar-cheimithe í an India den chuid is mó de agus tá thart ar 70% de na mic léinn Indiacha uile sa tír seo sa chatagóir sin. Bíonn spéis ar leith ag ár gcoláistí i mic léinn leis an leibhéal sin de ghnóthachtáil oideachais acu nuair a thagann siad go dtí an tír agus baineann buntáistí dár gcoláistí leis freisin.

An Chóiré

Thosaigh gníomhaíochtaí sa mhargadh seo le deireanas. Mar sin féin, tá dul chun cinn á dhéanamh faoi láthair mar thoradh ar chuairteanna cur chun cinn trádála a thug Airí Rialtais. Chomh maith leis sin, thug toscaireacht d'ionadaithe oideachais ón gCóiré cuairt ar choláistí anseo in 2004, agus síníodh roinnt aontuithe léiritheacha dá bharr.

Tá líon íseal de mhic léinn i gceist anois – tá thart ar 50 mac léinn ag staidéar in Éirinn faoi láthair. Mar sin féin, meastar go mbeidh thart ar 1,000 mac léinn i gceist faoi 2009 de réir mar a fhorbrófar naisc le hionadaithe oideachais agus coláistí Cóiré idir an dá linn. Chomh maith leis sin, cheap Fiontraíocht Éireann ionadaí i Seoul le déanaí. Beidh sí ag cur buntáistí oideachas na hÉireann chun cinn sa Chóiré.

An tSeapáin

Tá Fiontraíocht Éireann ag forbairt ár bpróifíle oideachais leis an tSeapáin freisin. Arís tá leibhéal íseal de náisiúnaigh Sheapánacha ag déanamh staidéir tríú leibhéal anseo faoi láthair – beagán níos mó ná 100. Tá an poitéinseal ann méadú suntasach a dhéanamh ar an líon sin. Chun an poitéinseal sin a bhaint amach, eagrófar cuairteanna eile ar Éirinn ó

ionadaithe meáin chumarsáide agus oideachais Seapánacha. I dteannta sin, tá an chuma air go dtabharfar cuairteanna ardleibhéil ar an tSeapáin agus ar an gCóiré. Cabhróidh sé sin le hidirnáisiúnú oideachas na hÉireann agus le forbairt na trádála go ginearálta.

IDIRNÁISIÚNÚ SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS NA hÉIREANN

Is é an aidhm atá leis na hiarrachtaí poiblíochta méadú a dhéanamh ar líon iomlán na mac léinn Áiseach atá ag teacht anseo chun staidéar a dhéanamh, ach is é an aidhm eile atá aige méadú agus éagsúlú ar líon na nasc coláiste-go-coláiste agus socruithe comhoibriúcháin atá ann. D'éirigh go han-mhaith leis sin sa tSín cheana féin.

Tuigeann oideachasóirí nach dearfach an rud é brath an iomarca ar aon mhargadh ar leith agus go bhféadfadh sé cur isteach ar cháilíocht agus caighdeáin. D'fhéadfadh saincheisteanna margaíochta teacht chun cinn mar thoradh ar an gcleithiúnas iomarcach sin freisin. Dá bharr sin, déanfaidh an Rialtas iarracht a chinntiú go mbeidh éagsúlacht i meascán na náisiúnach fós mar ghné agus é ag forbairt idirnáisiúní seirbhísí oideachais na hÉireann.

Beidh cur chun cinn Éireann mar cheann scríbe do mhic léinn Áiseacha mar shaincheist thábhachtach agus moltaí na tuarascála a rinneadh le déanaí ar Idirnáisiúnú Sheirbhísí Oideachais na hÉireann á gcur i bhfeidhm. Beidh na moltaí sin curtha i bhfeidhm go gairid.

Go dtí seo, bhain rí-thabhacht le naisc oideachais ó thaobh gaolmhaireachtaí idir Éirinn agus an Áise a chur chun cinn. Anois, beidh céimithe agus mic léinn ó thíortha tosaíochta na hÁise mar acmhainn luachmhar agus an tír seo ag iarraidh a bonn taighde agus teicneolaíochta a threisiú.

Bunófar scéim scoláireachta chun céimithe agus mic léinn Áiseacha den scoth a mhealladh go hÉirinn le linn na céime seo de Straitéis na hÁise.

I dteannta sin, tuigeann an Rialtas go mbeidh mic léinn na hÁise mar ghréasán tábhachtach de theagmhálacha agus de chomhpháirtithe trádála d'Éirinn sa todhchaí nuair a bheidh a gcuid staidéir foirmiúil críochnaithe acu agus nuair a bheidh siad ar ais ina dtíortha dúchais. Tacófar le cur chun cinn agus scaipeadh a leithéid de ghréasáin trí fhorbairt nó bunú Cumainn Alumni i dtíortha tosaíochta na hÁise.

Bunaíodh Cumainn Alumni sa tSín (Beijing), i Singeapór agus sa Mhalaeisia cheana féin. Den chuid is mó de, is daoine iad a bhain a gcéimeanna amach i gcoláistí Éireannacha píosa maith ó shin. Cuirfear tacaíocht ar fáil do bhunú Cumainn nua i Shanghai, Hong Cong agus, ar deireadh, sa tSeapáin agus sa Chóiré.

Rachfar i dteagmháil le céimithe níos óige atá tar éis teacht ar ais chuig a dtíortha dúchais sna hionaid uile ina bhfuil oifigí ag Fiontraíocht Éireann agus molfar dóibh ballraíocht a fháil i gCumainn Alumni nó Cumainn Alumni a bhunú. Beidh tacaíocht ar fáil sa chéad tréimhse tar éis dóibh a bheith bunaithe nó athchóirithe.

SPRIOC: MIC LÉINN TRÍÚ LEIBHÉAL ATÁ AG TEACHT ISTEACH Ó THÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE

2004	2009
5,500	17,000

Ba chóir go gcinnteoidh méadú ar líon na mac léinn Áiseach atá ag teacht go hÉirinn, an líon níos airde de choláistí atá ag glacadh páirte sa chlár idirnáisiúnaithe agus an tionchar dearfach agus tacúil a bheidh ag bearta nua agus cuairteanna polaitiúla ardleibhéil go mbainfear an sprioc sin amach nó fiú go sárófar é.

Socrúcháin do Chéimithe

Chun breisfhorbairt a dhéanamh ar thrádáil agus turasóireacht, tá sé tábhachtach comhpháirtíochtaí agus gréasáin bhuana a chruthú idir lucht gairmiúil na hÉireann agus a lucht gairmiúil comhfhreagrach san Áise. Is féidir le Clár Socrúchán do Chéimithe don Áise a bhaineann úsáid as an gclár FÁS reatha agus córais tacaíochta eile a riarann Coimisiún na hEorpa an deis a thabhairt do chéimithe Éireannacha oiliúint agus taithí luachmhar a fháil i gcuideachtaí Áiseacha. Ar deireadh, beidh siad in ann cabhrú le naisc ghnó thábhachtacha a bhunú idir cuideachtaí Áiseacha agus Éireannacha agus tuiscint níos fearr ar chultúr gnó na hÁise a chur chun cinn anseo.

Comhoibriú sa réimse Taighde agus Forbartha

D'ardaigh comhoibriú reatha idir Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann agus eagraíochtaí comhfhreagracha sa tSín, sa tSeapáin agus i Singeapór próifíl rathúlacht eacnamaíochta na hÉireann. Cabhraíonn a leithéid de chomhoibriú leis na buntáistí a bhaineann le hÉirinn mar shuíomh do thaighde agus forbairt ar ardleibhéal agus an fhéidearthacht táirgí agus seirbhísí ardteicneolaíochta a bhunú anseo a chur in iúl. Beidh daingniú an chomhoibrithe sin mar ghné den chéad chéim eile de Straitéis na hÁise 2005 go 2009.

AN TRÁDÁIL TURASÓIREACHTA A FHORBAIRT LE TÍORTHA NA hÁISE

Agus lár-ionad eacnamaíochta an domhain ag bogadh i dtreo an oirthir, tá sé tábhachtach do thodhchaí méantéarmach agus fadtéarmach thurasóireacht na hÉireann go bhforbraíonn sé poitéinseal na margaí fada i gcéin atá ag teacht chun cinn.

Go fadtéarmach, beidh ilchríoch na hÁise ag éirí níos tábhachtaí mar fhoinse de thurasóirí a thiocfaidh go hÉirinn. Meastar go dtiocfaidh níos mó ná aon trian den turasóireacht dhomhanda as an Áise faoi 2020, agus go dtiocfaidh níos mó ná 100 milliún turasóir ón tSín.

Tá Tourism Ireland ag déanamh na bunoibre chun go mbainfear tairbhe as an mborradh measta sin sna blianta amach romhainn. Is iad na margaí a aithníodh gur bhain an poitéinseal is mó leo an tSeapáin, an tSín, an India agus an Chóiré Theas. Déantar cur síos ar na príomhfhorbairtí síos.

An tSeapáin

Cheap Tourism Ireland eagraíocht ionadaíochta nua sa tSeapáin in 2003, Bhí thart ar 25,000 cuairteoir in 2004. Meastar go mbeidh méadú 10% ar an líon sin in 2005. Chun go mbainfear an sprioc sin amach, eagraíodh go mbeadh ionadaithe na hearnála turasóireachta rannpháirteach i misean trádála go dtí an tSeapáin i mbliana agus go nglacfadh siad páirt in aonach mór trádála turasóireachta agus tomhaltóirí ann.

Dearadh agus eisíodh láithreán gréasáin agus leabhrán margaíochta tiomanta do mhargadh na Seapáine freisin.

An tSín

Bhronn údaráis na Síne Stádas Ceann Scríbe Ceadaithe ar Éirinn in 2004. Ina dhiaidh sin, cuireadh láithreáin ghréasáin ar fáil sa tSínis. Ina theannta sin, cuireadh 15,000 leabhar margaíochta ar fáil sa tSínis.

D'oscail Tourism Ireland oifig i Shanghai le déanaí agus cheap sé baill foirne riachtanacha ann chun bainistíocht a dhéanamh ar a iarrachtaí líon níos mó turasóirí ón réigiún sin a mhealladh chun laethanta saoire a thógáil sa tír seo.

Tá clár forbartha turasóireachta trí bliana á thabhairt chun críche faoi láthair. I measc saincheisteanna eile, déanfaidh sé foráil do rannpháirtíocht in aonaigh trádála agus tomhaltóirí, cuairteanna ó na meáin chumarsáide agus rannpháirtíocht oibreoirí turais in imeachtaí margaíochta. Freastalófar ar dhá imeacht den saghas sin ar a laghad in 2005 – Aonach Taistil Dhomhanda agus Aonach Margaíochta Taistil Idirnáisiúnta na Síne.

An India

Ceapadh cuideachta ionadaíoch páirtaimseartha san India in 2004.

In 2005, cabhróidh tionscnaimh ghailf agus an tionscail scannánaíochta le feasacht ar Éirinn a ardú le luchtanna féachana spriocdhírithe. Glacfaidh Tourism Ireland páirt i dTaispeántas Location Film i Mumbai agus éascóidh sé rannpháirtíocht cúig chuideachta léiriúcháin scannán ó Éirinn ann.

An Chóiré Theas

In 2005, beidh Tourism Ireland ag baint an leasa is fearr is féidir as deiseanna margaíochta nideoige a thagann chun cinn. Tá leabhar margaíochta agus láithrean gréasáin a dhéanann cur síos ar fhaisnéis turasóireachta faoi Éirinn curtha ar fáil sa Chóiré Theas anois.

SPRIOC D'FHÁS TURASÓIREACHTA LÍON NA gCUAIRTEOIRÍ ÁISEACHA (meastachán)	
2004	**2009**
95,000	150,000

Rinne Tourism Ireland meastachán go dtiocfaidh borradh níos mó ná 50% ar líon na gcuairteoirí a thagann ó thíortha tosaíochta na hÁise sa chéim seo de Straitéis na hÁise, má ghlactar leis go mbeidh timpeallacht eacnamaíochta idirnáisiúnta chobhsaí.

Ealaín agus an Áise

Tríd an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, leithdháil an Rialtas beagnach €3 milliún in 2004 chun malartuithe cultúrtha leis an tSín a chur chun cinn. D'éirigh thar barr leo sin ó thaobh gaolmhaireachtaí idir an dá thír a chur chun cinn. Déanfar forbairt bhreise ar na malartuithe sin agus ar naisc eile a chuireann comhfheasacht chultúrtha chun cinn sa chéim seo de Straitéis na hÁise.

Chomh maith leis sin, bunaíodh eagraíocht nua darb ainm dó Culture Ireland/Cultúr Éireann le déanaí faoi scáth na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta chun feasacht ar ealaín agus ealaíontóirí na hÉireann thar lear a chur chun cinn. Toisc go gcomhlánann forbairt gaolmhaireachtaí cultúrtha le tíortha tosaíochta na hÁise príomhspriocanna cur chun cinn trádála Straitéis na hÁise, déanfaidh an chomhlacht nua dlúthobair leis an nGrúpa Ardleibhéil chun an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgíochtaí poitéinsiúla.

TRÁDÁIL TALMHAÍOCHTA AGUS TÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE

Beidh tionscail talmhaíochta agus bhia na hÉireann fós bunaithe ar onnmhairiú. Braithfidh a ndul chun cinn ar a n-acmhainn cuid den mhargadh a chothabháil nó a leathní sa bhaile agus thar lear.

Sa chéim seo de Straitéis na hÁise, tá seans níos mó ann go mbeidh an earnáil ag feidhmiú i dtimpeallacht ard-iomaíoch. Léiríonn sé sin go bhfuil réim trádála talmhaíochta níos léirscaoilte tar éis teacht chun cinn.

I dteannta na hiomaíochta méadaithe, is féidir le constaicí lóistíochúla cur isteach ar thrádáil táirgí bia agus dí a fhorbairt leis an Áise.

Mar sin féin, tá deiseanna ann gnó reatha i dtáirgí déiríochta a mhéadú gua trádáil a bhunú agus a leathnú i muiceoil, mairteoil, comhábhair bhia agus deochanna alcólacha.

Is é aidhm na hearnála talmhaíochta sa tréimhse go dtí 2009 margaí reatha a dhaingniú agus a fhorbairt, margaí nua a bhunú, méadú ar líon na n-onnmhaireoirí a fheidhmíonn sa réimse seo agus socruithe trádála a dhéanamh foirmiúil nuair is cuí.

Is é an cuspóir tríd is tríd atá le baint amach sa tréimhse sin ná luach na n-onnmhairí talmhaíochta a mhéadú faoi thrí.

SPRIOCANNA d'ONNMHAIRÍ TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA GO DTÍ TÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE	
2004 €130 millúin	**2009** €390 millúin

Onnmhairí Bia agus Dí

Agus idirbheartaíocht ag dul chun cinn maidir leis na constaicí deireanacha ar allmhairí bia go tíortha na hÁise a dhíothú, is iad na príomhaidhmeanna a bheidh ag an mBord Bia faisnéis dhomhain ar an margadh a fhorbairt agus cur le próifíl na hÉireann mar sholáthróir táirgí bia agus dí ar ardchaighdeán. Áireofar ar na príomhghníomhaíochtaí margaíochta; faisnéis reatha agus chuimsitheach ar an margadh a sholáthar d'onnmhaireoirí, rannpháirtíocht in aonaigh thrádála, seimineáir a reáchtáil do spriocghrúpaí agus clár cuairteanna do cheannaitheoirí isteach a chur i bhfeidhm agus a mhonatórú.

An tSín

Le daonra 1.3 billiún agus geilleagar atá ag fás níos tapúla ná aon gheilleagar eile ar domhan faoi láthair, tá aird na ndéantóirí bia domhanda móra ag díriú ar an tSín faoi láthair. Agus geilleagar na Síne ag fás, leanfaidh a leibhéal d'fhéindóthain sa bhia de bheith ag ísliú. Beidh athrú ollmhór ar phróifíl riachtanas tomhaltóirí le méadú leanúnach ar an éileamh ar thráchtearraí agus ar bhia próiseáilte. Tá fianaise ann go bhfuil éileamh níos mó ar tháirgí allmhairithe brandáilte ar ardchaighdeán ó mheánaicme na Síne atá ag éirí níos saibhre.

An tSeapáin

Is margadh é an tSeapáin le haghaidh earraí ar ardchaighdeán den chuid is mó de. Tugann sé praghsanna agus imill níos fearr do sholáthróirí do go leor margaí idirnáisiúnta. Mar sin féin, éilíonn sí ar shonraí mionsonraithe agus cruinne ar tháirgí, soláthar agus caighdeán comhleanúnach ar féidir brath orthu agus deimhniúcháin údaracha ar shábháilteacht bia. I bhfianaise an chúlra sin, treiseoidh an Bord Bia teagmhálacha le príomhallmhaireoirí agus príomhcheannaitheoirí agus tabharfaidh sé aiseolas leanúnach d'onnmhaireoirí ar dheiseanna do tháirgí bia Éireannacha sa mhargadh. Cuirfear béim ar leith ar mhargaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh bia agus deochanna feidhmeacha.

Margaí Eile san Áise atá ag Forbairt

Bainfear leas as deiseanna eile do tháirgí bia Éireannacha i margaí eile na hÁise freisin. Díreoidh margaíocht táirgí déiríochta agus foirmle naíonáin ar na hOileáin Fhilipíneacha, ar an Indinéis, an Mhalaeisia, an Téaváin, an Téalainn agus ar Shingeapór. Díreoidh margaíocht feola agus táirgí feola ar na hOileáin Fhilipíneacha agus ar an Indinéis.

Is é an dúshlán is mó atá le sárú ag onnmhaireoirí na hÉireann san earnáil talmhaíochta ná tuiscint a fháil ar éagsúlacht agus castacht mhargaí tosaíochta na hÁise agus codanna margaí tosaíochta difriúla na hÁise agus a dtáirgí a oiriúnú agus a chur chun cinn dá réir sin.

BIA MARA NA hÉIREANN A ONNMHAIRIÚ GO DTÍ AN ÁISE

Tá deiseanna suntasacha ann méadú a dhéanamh ar onnmhairí bia mara agus táirgí gaolmhara go dtí tíortha tosaíochta na hÁise. Tá Bord Iascaigh Mhara (BIM), i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, freagrach as margaíocht na dtáirgí sin.

Le linn na chéad chéime de Straitéis na hÁise, méadaíodh ar onnmhairí de bhia mara na hÉireann. D'éirigh go han-mhaith le honnmhairiú raon de tháirgí bia mara go dtí an tSín, Hong Cong san áireamh. Áirítear orthu sin táirgí portáin, oisre, maicréil agus bolmáin.

Tá an treocht dhearfach i mborradh onnmhairiúcháin mar thoradh ar straitéisí margaíochta ar baineadh úsáid astu le hocht mbliana anuas. Le linn na tréimhse sin, rinne BIM dlúthobair le roinnt cuideachtaí bia mara Éireannacha a bhfuil suim acu poitéinseal mhargadh na Síne a fhorbairt.

Áirítear ar thionscnaimh mhargaíochta a rinneadh le déanaí rannpháirtíocht i roinnt príomhimeachtaí trádála bia mara sa réigiún agus leas a bhaint as na deiseanna a chuireann misin trádála ar fáil, go háirithe na cinn a bhíonn faoi stiúir Airí Rialtais, níos mó a dhíol agus ceann scríbe onnmhairiúcháin táirgí bia mara na hÉireann a éagsúlú.

Bord Iascaigh Mhara chun a Mhargaíocht san Áise a threisiú

Méadaíodh ar an trádáil i dtáirgí bia mara le cúig bliana anuas. Mar sin féin, tuigeann BIM go bhfuil gá ann naisc ghnó a chothabháil agus a threisiú sa tréimhse go dtí 2009. Ligeann sé sin d'onnmhaireoirí leas níos mó a bhaint as na deiseanna a bhaineann le codanna nideoige na margaí bia mara de thíortha tosaíochta na hÁise.

Dá réir sin, treiseoidh BIM a chlár forbartha trádála agus déanfaidh sé níos éagsúla é chun díriú isteach ar:

- taighde margaidh agus bailiú faisnéise;
- trádáil a fhorbairt trí na modhanna éifeachtúla uile, lena n-áirítear rannpháirtíocht i bpríomhaonaigh trádála agus leas a bhaint as deiseanna le faisnéis faoin margadh a mhalartú;
- cuairteanna measúnachta margaidh ag ionadaithe cuideachtaí Éireannacha atá chun díriú isteach ar an réigiún a phleanáil agus a chomhordú;
- misin de cheannaitheoirí isteach go hÉirinn ó thíortha tosaíochta na hÁise a spreagadh agus a éascú.

Níl aon láithreacht bhuan ag BIM sna tíortha Áiseacha sin. Tá rochtain aige ar acmhainní Fhiontraíocht Éireann sa réigiún sin mar gheall ar a shocruithe comhoibriúcháin leis an eagraíocht sin, áfach. Éascaíonn sé sin cur chuige éifeachtúil agus aontaithe ón dá ghníomhaireacht Stáit sin maidir le deiseanna margaidh do tháirgeoirí Éireannacha de bhia mara a aithint agus a fhorbairt i dtíortha tosaíochta na hÁise.

FIONTAR, TRÁDÁIL AGUS INFHEISTÍOCHT

An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

Leanfaidh misin trádála orthu a bheith mar thréith thábhachtach chun cabhrú le fiontair deiseanna margaidh a aithint. Beidh a leithéid de mhisin nasctha go díreach le clár cuairteanna bliantúla pleanáilte an Taoisigh agus Airí Rialtais eile ar thíortha áirithe san Áise. Cuirfidh na heagraíochtaí Stáit ábhartha na cláir sin faoi bhráid na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta nach déanaí ná mí Dheireadh Fómhair roimh an mbliain a dtagraíonn siad di.

I gcomhairle le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit, molfaidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta córas chun monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag misin trádála ar fhorbairt gnó. Cuirfear an córas sin i bhfeidhm trí phlé leanúnach le hionadaithe gnóthas, eagraíochtaí agus institiúidí eile rannpháirteacha chun na buntáistí forbartha gnó a bhaineann lena rannpháirtíocht i misin trádála ar leith a thomhas. Tuairisceofar na torthaí go tréimhsiúil don Ghrúpa Ardleibhéil atá á bhunú chun feidhmiú éifeachtúil na chéad chéime eile de Straitéis na hÁise sa tréimhse idir 2004 agus 2009 a chinntiú.

Fiontraíocht Éireann

Is tosaíochtaí de chuid Fiontraíochta Éireann iad cabhrú lena gcliaint a n-earraí a dhíol go hidirnáisiúnta agus gnó a bhunú nó a fhorbairt san Áise. Is gnéithe a bhaineann leis na tosaíochtaí sin a bhaint amach faisnéis riachtanach margaidh a sholáthar do chuideachtaí, daoine a chur in aithne dá chéile agus tacaí eile a sholáthar agus na cuideachtaí ag dul isteach i margaí agus ag forbairt margaí ann.

Dá réir sin, déanfaidh Fiontraíocht Éireann an tseirbhís a chuireann sé ar fáil a athnuachan agus a threisiú chun a chinntiú go mbeidh an tacaíocht Stáitis fearr is féidir ann don ghluaiseacht onnmhairiúcháin náisiúnta go dtí tíortha tosaíochta na hÁise.

Is tábhachtach an rud é tionscnaimh nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar scileanna agus inniúlachtaí díola chun rath sa todhchaí a chinntiú. Ar an mbealach céanna, is gnéithe a bhíonn riachtanach chun tacú le gnóthachtáil iad rochtain ar mheantóirí sa réigiún a sholáthar, deiseanna a fhorbairt chun taithí ar dhíol idirnáisiúnta a thabhairt do chéimithe agus cabhrú le cuideachtaí baill foirne oilte a earcú.

Déanfaidh Fiontraíocht Éireann poiblíocht ar mhionsonraí faoi dheiseanna sa mhargadh i gcoitinne agus sa mhargadh nideoige a mbeadh spéis ag fo-earnálacha cuideachtaí in Éirinn iontu. Ina theannta sin, cuirfidh sé seirbhís comharthaíochta agus chomhairleach ar fáil do chuideachtaí a bhíonn ag iarraidh iad féin a idirnáisiúnú trí cheannacháin thar lear nó trí sheachfhoinsiú.

Tá raon spriocanna atá le baint amach le linn na tréimhse seo de Straitéis na hÁise leagtha amach ag Fiontraíocht Éireann. Áirítear orthu sin:

- Líon na gcuideachtaí Éireannacha bunaithe san Áise a mhéadú ó 93 in 2003 go 215 faoi 2009.
- Margaíocht ghníomhach a dhéanamh ar na seirbhísí oideachais atá ar fáil chun líon na mac léinn tríú leibhéal ó thíortha tosaíochta na hÁise a bhíonn ag staidéar in Éirinn a mhéadú ó thart ar 5,500 sa bhliain acadúil 2003/2004 go 17,000 faoi 2009.

Ina theannta sin d'aithin Fiontraíocht Éireann na hearnálacha eacnamaíocha i dtíortha tosaíochta na hÁise a liostaítear thíos ar chóir margaíocht ar leith a dhéanamh iontu thar ceann cuideachtaí dúchasacha Éireannacha. Is dóchúil go mbeidh gá leis na spriocearnálacha sin a athrú sna cúig bliana amach romhainn mar gheall ar athruithe dóchúla i bpróifílí fáis tionsclaíoch agus mar sin déanfaidh Fiontraíocht Éireann athbhreithniú bliantúil ar fhorbairtí sna hearnálacha sin. Cuirfear torthaí na n-athbhreithnithe sin agus aon mholadh d'athruithe mar thoradh ar an torthaí sin in iúl don Ghrúpa Ardleibhéil.

EARNÁLACHA EACNAMAÍOCHTA	SPRIOCTHÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE
ONNMHAIRIÚ SEIRBHÍSÍ	
Teicneolaíochtaí faisnéise	An tSeapáin, an Chóiré, an tSín, Singeapór, an Mhalaeisia, Vítneam, an India
Feidhmchláir Teileachumarsáide	An tSeapáin, an Chóiré, an tSín, Singeapór, an India
Bogearraí Airgeadais	Singeapór, an India
Foghlaim Leictreonach	An tSín, an India
Seirbhísí Oideachais	An tSín, an tSeapáin, an India, an Chóiré, an Mhalaeisia.
Seirbhísí Tógála	An tSeapáin, an Chóiré, an tSín, an India
Seirbhísí Comhairleoireachta	An tSín, an India
Seirbhísí Eitlíochta agus Aeraspáis	An tSín, an tSeapáin
Eile – mar shampla uirlisí forbartha, slándáil, bithmhéadrachtan	An tSeapáin, Chóiré, an tSín, Singeapór, an Mhalaeisia, an Téalainn, Vítneam, an India
ONNMHAIRIÚ EARRAÍ	
Gairis chúraim sláinte agus earraí cógaisíochta	An tSín, an tSeapáin, an India
Biteicneolaíocht	An tSeapáin
Meaisíní talmhaíochta agus earraí cógaisíochta tréidliachta	An Chóiré
Leictreonaic agus earraí tionsclaíocha	An tSeapáin, an tSín, an India
Earraí do Thomhaltóirí	An tSeapáin
Nanaiteicneolaíocht	An tSeapáin
Bia, deochanna agus táirgí bia mara – i gcomhar leis an mBord Bia agus Bord Iascaigh Mhara	An tSeapáin, an tSín, Hong Cong

INFHEISTÍOCHT DHÍREACH EACHTRACH (FDI) A MHEALLADH Ó THÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE

Agus Straitéis na hÁise á cur i bhfeidhm go dtí seo, bhí formhór na n-iarrachtaí le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh dírithe ar an tSeapáin agus ar an gCóiré. Chruthaigh forbairt thapa gheileagar na Síne deiseanna nua.

Aithníonn Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta (IDA) Éireann go bhfuil poitéinseal an-mhaith sa tSín le haghaidh deiseanna FDI sa todhchaí. Tá gá le cur chuige córasach agus cuimsitheach chun measúnacht cheart a dhéanamh ar phoitéinseal na hinfheistíochta isteach i margadh chomh casta leis.

Bunaíodh foireann de bhaill foirne sinsearacha den IDA le neart taithí a bhfuil eolas domhain acu ar an Áise chun potéinseal an mhargaidh a scrúdú ó dhearcadh FDI. Thug baill den fhoireann misean toraíochta firicí go dtí an tSín chun críche le déanaí agus bhí díospóireachtaí acu le hoifigigh an Rialtais agus le hionadaithe cuideachtaí ilnáisiúnta agus cuideachtaí dúchasacha Síneacha.

Choimisiúnaigh an IDA comhairligh le déanaí chun measúnacht a dhéanamh ar an bpoitéinseal le hinfheistíocht Shíneach bhreisluacha in Éirinn. Tá a fhoireann i mbun turas eile go Shanghai a phleanáil a bheidh ar siúl go luath in 2005, an t-am céanna ag a gcríochnófar an mheasúnacht sin.

Bainfear úsáid as acmhainní IDA reatha i réigiún na hÁise chun tacú leis an straitéis nua de réir mar a fhorbraíonn sé agus beidh sí tacaithe freisin ag aon acmhainn bhreise ar dóigh leis an measúnacht go bhfuil gá léi, oifigí nua san áireamh.

INFHEISTÍOCHT DHÍREACH AMACH (ODI) GO DTÍ TÍORTHA TOSAÍOCHTA NA hÁISE

Beidh an leibhéal iomlán de thrádáil fós mar phríomhtháscaire de staid ár ngaolmhaireachtaí eacnamaíocha le tíortha tosaíochta na hÁise. Mar sin féin, is dóchúil go mbainfidh tábhacht níos mó le hinfheistíocht dhíreach sna tíortha sin ó Éirinn freisin.

Is gné thábhachtach a chinntíonn go bhfuil bonn eacnamaíoch láidir le haghaidh fás fadtéarmach in iomaíocht, onnmhairiú agus fostaíocht é forbairt tionscal faoi úinéireacht Éireannach i dtreo gníomhaíochtaí breisluacha níos airde, aschur níos airde agus tairgiúlacht níos airde. Léiríonn an dul chun cinn atá deanta ag roinnt cuideachtaí Éireannacha maidir le sofaisticiúlacht earraí agus a scála feidhmiúcháin go nglacann ceannairí gnó le hinfheistíocht dhíreach amach anois mar rogha straitéiseach inmharthana agus luachmhar le cuideachtaí a fhorbairt ar chúiseanna lóistíochúla agus margaíochta.

Leanfaidh lucht gnó uaillmhianach agus tiomanta a bhainistíonn cuideachtaí Éireannacha ar mhéideanna difriúla orthu ag déanamh Infheistíochta Dírí Amach i dtíortha tosaíochta na hÁise. Beidh roinnt acu in earnálacha dea-bhunaithe, beidh roinnt eile acu mar chuid de ghrúpa atá ag fás de chuideachtaí beaga ardteicneolaíochta Éireannacha a bhíonn dírithe go príomhúil ar ghnó agus trádáil dhomhanda.

Taispeánann cinntí infheistíocht a dhéanamh i dtíortha tosaíochta na hÁise go bhfuil daoine sásta feidhmiú i roinnt réimsí. Áirítear orthu sin ionaid nua a fhorbairt d'earraí agus do sheirbhísí agus rochtain a fháil ar chainéil agus gréasáin dáilte nua. Ar chúiseanna lóistíochúla beidh sé riachtanach do roinnt cuideachtaí saoráidí táirgíochta a bhunú sa réigiún. Áirítear ar na cúiseanna gnó le hinfheistíocht a dhéanamh san Áise rochtain a fháil ar scileanna agus saineolas agus teicneolaíochtaí nua a fháil nó a fhorbairt ar féidir iad a aistriú ar ais go hÉirinn.

Tacaíonn timpeallacht ghnó na hÉireann le gníomhaíochtaí ard-bhreisluacha. Sa chomhthéacs sin, téann infheistíocht dhíreach amach i dtíortha tosaíochta na hÁise agus tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuireann a leithéid d'infheistíocht ar fáil do chuideachtaí Éireannacha ar leith leis na spriocanna beartas náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta. Is iad na nithe is tábhachtaí atá san áireamh air sin leibhéil fostaíochta a mhéadú nó a chothabháil, feabhas leanúnach a chur ar mheánrátaí pá agus feabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála gach aon duine, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta.

Acmhainní a chur ar fáil do Straitéis na hÁise 2005 go dtí 2009

Cuirfear maoiniú Stáit ar fáil chun cuid de na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí ar cuireadh síos orthu thuas a chur i bhfeidhm, díreach mar a rinneadh sa tréimhse idir 1999 agus 2004 nuair a cuireadh níos mó ná €2 milliún ar fáil. Bainfear úsáid as an maoiniú sin chun a chinntiú go ndaingneofar láithreacht Éireann agus feasacht ar Éirinn i margaí na hÁise a chabhróidh leis na príomhspriocanna a luadh thuas a bhaint amach.

Ina theannta sin, tá acmhainní ar scála mór á gcur ar fáil cheana féin i leithdháilte buiséadúcháin reatha chun trádáil le tíortha tosaíochta na hÁise a fhorbairt. Déanfar athbhreithniú orthu sin go bliantúil agus i bhfianaise thiomantas an Rialtais do Straitéis na hÁise, athrófar iad go cuí trí thagairt a dhéanamh do thorthaí na measúnachta agus an athbhreithnithe. Cuirfidh an mheasúnacht agus an t-athbhreithniú sin moltaí an Ghrúpa Ardleibhéil a luaitear thíos san áireamh.

Pleanálfaidh Ranna Rialtais an bhaint faoi seach a bheidh acu le Straitéis na hÁise go dtí 2009. Ba chóir don phleanáil sin a chinntiú go bhfuil na Ranna sin ag déanamh a mhéid agus is féidir leo, ag dul leis na freagrachtaí beartais atá acu, chun spriocanna trádála agus spriocanna gaolmhara Straitéis Áise an Rialtais a bhaint amach. Áirítear air sin acmhainní riachtanacha a chur ar fáil chun cur chuige comhlán agus straitéiseach agus éifeachtúlacht oibríochtúil a chinntiú agus forálacha na Straitéise á seachadadh i ngach Roinn chuí.

Príomhtháscaire Gnóthachtála

Is príomhsprioc de chuid Straitéis na hÁise 2005 go dtí 2009 gaolmhaireachtaí a fhorbairt idir Rialtais, eagraíochtaí gnó agus an pobal Éireannach agus Áiseach i gcoitinne. Tacaíonn sé sin leis an bhfócas lárnach ar thrádáil a mhéadú leis an ilchríoch sin, maoin a chruthú i gcuideachtaí Éireannacha, go háirithe i gcuideachtaí níos lú agus cur le rathúlacht náisiúnta, agus cruthú agus cothabháil fostaíochta.

Beidh an táscaire is tábhachtaí de rathúlacht ag deireadh 2009 ar an méid forbartha a bheidh déanta ar thrádáil onnmhairiúcháin na hÉireann le tíortha tosaíochta na hÁise a luadh thuas. Déanfar iarracht comhlán náisiúnta le tuiscint aige ar gach rud a bhfuil baint aige le cur chun cinn trádáil agus seirbhísí onnmhairiúcháin a chothabháil, a athbhreithniú agus a dhaingniú sna cúig bliana amach romhainn. Baineadh torthaí maithe amach le linn Straitéis na hÁise dheireanach. Tugann siad bonn láidir d'ionchais an Rialtais go n-éireoidh i bhfad níos fearr leo maidir le trádáil leis an Áise a fhorbairt sna cúig bliana amach romhainn.

Sprioc Trádála

Is é príomhsprioc Straitéis na hÁise méadú ar luach na n-onnmhairithe d'earraí Éireannacha go tíortha tosaíochta na hÁise sa tslí go mbeidh luach €9 billiún orthu faoi 2009. Chun an sprioc sin a bhaint amach beidh gá le honnmhairí go tíortha atá ag forbairt cosúil leis an tSín agus Vítneam a mhéadú faoi dhó ar a laghad. Ní dóchúil go bhfásfaidh onnmhairí go margaí forbartha sa réigiún, cosúile leis an tSeapáin, ag an ráta céanna.

Is féidir an sprioc d'onnmhairiú earraí a bhaint amach. Dar leis an Rialtas, bainfidh sé an sprioc sin agus níos mó amach faoi 2009.

Forléargas ar Straitéis na hÁise

Beidh Ard-Rúnaí na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, i gcomhar le hÁrd-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha mar chathaoirleach ar Ghrúpa Ardleibhéil chun forfheidhmiú Straitéis na hÁise a stiúradh. Ní bheidh ach líon beag daoine sa ghrúpa sin.

Coimeádfaidh an Grúpa Ardleibhéil forléargas straitéiseach ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Straitéis na hÁise agus cinnteoidh sé go leanann sé ar aghaidh ag léiriú agus ag freagairt do dhinimic thíortha tosaíochta na hÁise.